



Tuarascáil Oifig um Chlárú Cuideachtaí 2019

## CLÁR ÁBHAR

1. RÉAMHRÁ	1
2. GNÍOMHAÍOCHT 2019	2
3. SAOL CUIDEACHTA	6
4. ENTITIS EILE AR AN GCLÁR AG AN CRO	12
5. AN FHEIDHM CHORPARÁIDEACH SA CRO	13
6. AG TEACHT I 2020	15
AGUISÍN 1: MIONSTAIDREAMH	16
AGUISÍN 2: CLÁRAITHEOIR NA gCUIDEACHTAÍ AGUS DAOINE ÚDARAITHE EILE	49

## CUID 1 - RÉAMHRÁ

Is é Ráiteas Misin na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO):

*maoirseacht a dhéanamh ar an ráta is airde comhdaithe tuairisceán bliantúil, den cháillíocht is fearr, ag cuideachtaí i gcomhréir leis na forálacha reachtúla ábhartha, agus a chinntíú gur tráthúil í aon fhaisnéis faoi na cuideachtaí a fhoilseoidh an CRO ina dhiaidh sin agus gur léiriú cruinn a bheidh inti ar an bhfaisnéis arna cur ar fáil ag na cuideachtaí sin.*

Stór lárnach is ea an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (CRO) le haghaidh faisnéise poiblí reachtúil ar chuideachtaí Éireannacha. Feidhmíonn sí faoi choimirce na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Príomhfeidhmeanna na CRO atá:

- ionchorprú cuideachtaí agus ainmneacha gnó a chlárú
- doiciméid iar-ionchorpraithe cuideachta a chlárú
- athruithe ar shonraí ainm gnó a chlárú
- forfheidhmiú, ionchúiseamh agus cuideachtaí a scriosadh as an gclár
- faisnéis a sholáthar don phobal


Is féidir leat Cuideachta, Ainm Gnó (ainm trádála), cuideachta choigríche nó comhpháirtíocht teorant a chlárú leis an CRO.




## CUID 2 - GNÍOMHAÍOCHT I 2019

Bhí 232,949 cuideachta Éireannach ar an gclár ag deireadh na bliana 2019, rud a d'fhág gur comhdaíodh níos mó ná 509,713 aighneacht le CRO le linn na bliana 2019. Ríomhchomhdaíodh 81% de na doiciméid ar fad. Tríd is tríd, d'éirigh go geal le CRO a misean a bhaint amach sa bhliain 2019, agus í ag comhlíonadh na sprice a bhí aici go mbeadh 95% de chuideachtaí cothrom le dáta maidir le tuairisceáin bhliantúla a chomhdú faoi dheireadh na bliana.

### An chlár mar atá faoi láthair



Is cuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna iad 89% de na cuideachtaí uile ar an gclár. Leanann líon na gcuideachtaí poiblí teoranta chun titim agus anois níl ach rud beag níos mó ná 1,000 cpt ar an gclár.



## Ríomhchomhdú Éigeantach

Ionstraim Reachtúil (I.R. Uimh. 458 de 2016) inar tugadh sainordú go ríomhchomhdófaí foirm B1 (Tuairisceán Bliantúil), foirm B2 (Athrú ar oifig chláraithe), foirm B10 (athrú ar fhaisnéis stiúrthóra/rúnaí) agus foirm B73 (athrú ar dháta an tuairisceáin bhliantúil) ón 1 Meitheamh 2017.

Tá líon na ndoiciméad tuairisceáin bhliantúil comhionann le 45% de na doiciméid uile a fhaightear. Tríd an bhfoirm B1 a chomhlánú ar líne déantar €4.5m a shábháil. Bhí coigilteas de €1.6m don phobal maidir leis na foirmeacha sin in 2019.

## AIGHNEACHTAÍ A COMHADAÍODH I RITH NA BLIANA

	2016	2017	2018	2019
Foirm B1	197,430	206,934	219,266	228,680
Foirm B2	17,137	17,834	19,216	18,390
Foirm B10	70,711	75,681	75,778	77,506
Foirm B73	9,314	9,972	10,653	10,595

A bhuí le forbairt an ríomhchomhdaithe, maolaíodh na fadhbanna agus laghdaíodh go mór an riaráiste doiciméad atá le clárú. Bhí 361,279 doiciméad ann sa riaráiste sa bhliain 2009.

Laghdaíodh an líon sin chuig 269,490 dhoiciméad sa bhliain 2014. Faoi dheireadh na bliana 2019, b'ionann agus 48,345 an líon doiciméad neamhchláraithe a bhí ann in aghaidh cuideachtaí beo.

## Treochtaí i gcomhdú leictreonach

Bliain	Cáipéisí r-chomhdaithe	Gach aighneacht a fuarthas	Cuideachtaí ar an gClár
2009	192,607	381,795	181,233
2014	263,635	404,547	187,615
2019	412,139	509,713	232,949

## Iarratais chuig an Ard-Chúirt/chuig an gCúirt Dúiche ar Ordú lena bhfadaítear an t-am chun tuairisceán a chomhdú

Le halt 343(5) d'Acht na gCuideachtaí 2014, ceadaítear do chuideachta atá mall maidir lena tuairisceán bliantúil a chur isteach iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt nó chuig an gCúirt Dúiche don cheantar ina bhfuil oifig chláraithe na cuideachta lonnaithe ar ordú lena bhfadaítear an t-am atá aici chun a tuairisceán bliantúil don bhliain sin a chomhdú. A luithe a dheonóidh an Chúirt Ordú agus a chloífidh an chuideachta leis an Ordú sin, caithfear leis an tuairisceán bliantúil mar cheann a cuireadh isteach in am. Dá bhrí sin, ní ghearrfar pionós ar an gcuideachta i leith comhdú déanach agus ní chaillfidh an chuideachta aon díolúine ó iniúchadh atá aici.

Ní fhéadfarr ach iarratas amháin a dhéanamh chuig an gCúirt i leith aon bhliana airgeadais amháin. Ina theannta sin, ní fhéadfaidh ach cuideachtaí atá "beo" ar Chlár na gCuideachtaí faoi láthair iarratas a dhéanamh chuig na cúirteanna faoin alt lena mbaineann – is é sin le rá, ní fhéadfaidh cuideachtaí díscaolite iarratas den sórt sin a dhéanamh.

Sa bhliain 2019, fuair an CRO 687 fhógra faoi iarratais a rinne cuideachtaí chuig an gCúirt Dúiche

agus fuair sí 3 bhfógra faoi iarratais a rinne cuideachtaí chuig an Ard-Chúirt.

D'eisigh an CRO 654 litir san ionlán ar admhaíodh an t-iarratas iontu, nár cuireadh i gcoinne an iarratas iontu nó ar cuireadh i gcoinne an iarratas iontu. Ina theannta sin, phróiseáil sí 586 Ordú ar dheonaigh an Chúirt Dúiche/an Ard-Chúirt iad. Dhiúltaigh na Cúirteanna do 26 iarratas agus tarraingíodh 52 iarratas siar.

## Forbairtí Dlíthiúla

### Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2019

Leis an Acht sin leasaítear alt 343 d'Acht na gCuideachtaí 2014 ach níor cuireadh túis leis fós. Tá sé beartaithe go ndéanfar athruithe chun ligean do chuideachtaí an próiseas de chomhdú a dtuairisceán bliantúil ar líne a chur i gcrích gan an gá le leathanach an tsínithe a sholáthar chuig an Oifig go fisiciúil. Ina ionad sin déanfar leathanach an tsínithe a uaslódáil in éineacht leis na ráitis airgeadais.

Ach ní féidir sin a dhéanamh, áfach, agus an córas reatha a úsáideann an Oifig um Chláirú Cuideachtaí (CRO) á úsáid. Trí athfhorbairt na gcóras ríomhaireachta amháin, lena bhfuiltear ag súil faoi láthair faoi dheireadh 2020, cuirfear túis leis an Acht agus leasófar an riachtanas maidir le taisceadh ó 28 lá go dtí 56 lá.

### IR 597 de 2019

Síníodh Ionstraim Reachtúil 597 de 2019 agus tiocfaidh sí i bhfeidhm an 1 Eanáir 2020. Tá an rialachán infheidhme maidir le Comhpháirtíochtaí Teoranta agus maidir lena mblianta airgeadais a thosaíonn an 1 Eanáir 2020 nó ina dhiaidh sin.

Cuireadh Rialacháin 2019 ón Aontas Eorpach (Comhpháirtíochtaí Cáilithe: Cuntasáiocht agus Iníúchóireacht) in ionad Rialacháin 1993 lena ndearnadh comhpháirtíochtaí teoranta a rialú. Tá leagan nuashonraithe den Fhoirm P1 ar fáil ón suíomh gréasáin.

Ní mór do chomhpháirtíochtaí cáilithe a chomhlíonann na critéir faoi Chuid 26 tuarascáil maidir le híocaiochtaí a dhéantar le Rialtais a chur isteach. Déantar Foirm PR2 a chomhlánú agus ní mór í a chomhdú laistigh de 11 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais (Ón 1 Eanáir 2020).

### Athfhorbairt acmhainní TF

Tá CRO ag tabhairt faoi thionscadal a bhfuil mar aidhm leis athfhorbairt a dhéanamh ar na bunachair shonraí de chuid CRO ina gcuimsítear clár na gcuideachtaí agus clár na n-ainmneacha gnó. Tá athnuachan ionlán ar síúl faoi láthair chun an córas reatha, ar córas atá ag dul in aois é, a athrú chun dáta. Le linn na bliana 2019, déan CRO na cláir a ascnamh chuig ardán bunachar sonraí atá aontaithe agus nua-aimseartha. A bhuí leis an bpróiseas sin, beidh CRO in ann ceangaltais náisiúnta agus ceangaltais an Aontais Eorpaigh ó thaobh Rialachais Dhigitigh de a chomhlíonadh.

Táthar ag súil go gcríochnófar an tionscadal faoi Ráithe 3 den bhliain 2020. Mar chuid den tionscadal, aisrriodh an clár comhpháirtíochtaí teoranta chuig an ardán nua sa bhliain 2019. (Meitheamh).

## Athfhorbairt acmhainní TF

Tá CRO ag tabhairt faoi thionscadal a bhfuil mar aidhm leis athfhorbairt a dhéanamh ar na bunachair shonraí de chuid CRO ina gcuimsítear clár na gcuideachtaí agus clár na n-ainmneacha gnó. Tá athnuachan iomlán ar siúl faoi láthair chun an córas reatha, ar córas atá ag dul in aois é, a athrú chun dáta. Le linn na bliana 2019, déanfaidh CRO na cláir a ascnamh chuig ardán bunachar sonrai atá aontaithe agus nua-aimseartha. A bhuí leis an bpróiseas sin, beidh CRO in ann ceangaltais náisiúnta agus ceangaltais an Aontais Eorpaigh ó thaobh Rialachais Dhigitigh de a chomhlónadh. Táthar ag súil go gcríochnófar an tionscadal faoi Ráithe 4 den bhliain 2019. Mar chuid den tionscadal, déanfar an clár comhpháirtíochtaí teoranta a ascnamh chuig an ardán nua go luath sa bhliain 2019.

## Faisnéis a sholáthar don phobal

Tá an fhaisnéis reachtúil ar fad a chuireann cuideachtaí faoi bhráid CRO ar fáil lena hiniúchadh ag an bpobal. Gearrtar táille bheag i leith an fhaisnéis sin a rochtain nuair is infheidhme. Feadfar faisnéis ríthábhachtach áirithe, amhail ainm cuideachtaí agus seoladh oifige cláraithe cuideachtaí, a sheiceáil saor in aisce ar shuíomh Gréasáin CRO. Ceannaítear breis agus 340,000 doiciméad ó shuíomh Gréasáin CRO gach bliain. Tugadh breis agus 2.5m cuairt ar CRO sa bhliain 2019

## An tAonad Faisnéise

D'fhreagair an tAonad Faisnéise níos mó ná 60,000 glao teileafóin le linn 2019, rinneadh beagnach 15,400 ríomhphost a fhreagaírt tríd an gcóras láimhsithe ríomhphoist ar ([info@cro.ie](mailto:info@cro.ie)). Fuarhas líon mór fiosrúchán maidir leis an gClár um Úinéireacht Thairbhiúil (RBO) nach raibh an tAonad Faisnéise in ann déileáil leo. Is oth linn gur clár ar leith é an RBO. Tá sé beartaithe líne theileafóin a oscailt don RBO in 2020.

## Gearán ó Chustuméirí agus larrataí ó Chustuméirí ar Faisnéis

Más rud é go bhfuil custaiméir míshásta leis an tseirbhís a sholáthair CRO agus nach féidir leis an mball foirne nó leis an rannóg lena mbaineann an fhadhb a réiteach, féadfar gearán foirmíúil a dhéanamh le hOifigeach Faisnéise CRO. Is de réir Nós Imeachta Gearán CRO a dhéileálfar leis an ngearán. Má tá an gearánach fós míshásta in dhiadh sin, beidh sé de cheart aige/aici achomharc a dhéanamh chuig Oifig an Ombudsman.

Fuarhas 5 ghearán oifigiúla le linn na bliana 2019 agus tarchuireadh dhá cinn díobh chuig Oifig an Ombudsman. Níor seasadh le haon cheann ghearán a tarchuireadh chuig an Ombudsman. Fuair CRO aon iarraidh amháin faoi Saorála Faisnéise agus 3 iarraidh Cosanta Sonrai freisin.

## CUID 3 - SAOL CUIDEACHTA

### Ionchorprú cuideachta

Foirm dhilithiúil is ea cuideachta d'eagraíocht ghnó. Is eintiteas dlithiúil ar leithligh é agus mar sin tá sé éagsúil ó na daoine a ritheann é. Tá dhá shórt chuideachta bhunúsacha ann cuideachta phríobháideach agus cuideachta phoiblí. Tá furmhór na gcuideachtaí cláraithe in Éirinn ina gcuideachtaí príobháideacha agus díobh sin tá an chuid is mó acu beag gan ach ball nó dhó iontu. Rinne an CRO athrú le déanaí ar Fhoirm B1 ag iarraidh ar chuideachtaí chun a lua más mionchuideachtaí, cuideachtaí beaga, cuideachtaí meánmhéide nó cuideachtaí móra iad. Beidh an chéad mhiondealú bliana iomláine ar líon na gcuideachtaí Éireannacha faoi mhéid ar fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2020.

Tá cead ag aon duine amháin nó beirt, de réir Acht na gCuideachtaí 2014 d'aon chuspóir dlearthach, cuideachta phríobháideach a fhoirmiú trí shubscríobh do bhunreacht. Is féidir le cuideachta phríobháideach uasmhéid 149 baill a bheith aici agus níl aon teorainn leis an líon ball i gcuideachta phoiblí. Ní mór do gach sórt cuideachtaí seachas Cuideachta Phríobháideach faoi Theoraainn ag Scaireanna (TEO) rúnaí amháin agus íosmhéid beirt stiúrthóir a bheith aici. Níl cáilfochtaí foirmiúla ag teastáil chun bheith ina stiúrthóir cuideachta. Tá freagrachtaí leathana de réir dlí ag oifigigh cuideachta go léir. Ní mór do gach stiúrthóir a bheith os cionn ocht mbliana déag d'aois.

### Dáta corporaithe cuideachtaí atá ar an gclár faoi láthair

Bliain ionchorpraithe	Cuideachta ar an gClár
Ríomh 1920	128
1920-1929	90
1930-1939	162
1940-1949	267
1950-1959	440
1960-1969	1,237
1970-1979	4,410
1980-1989	10,874
1990-1999	24,054
2000-2009	53,527
2010-2019	137,760
lomlán	232,949


Corpraíodh 22,723 chuideachta nua sa bhliain 2019. B'ionann an figiúr sin agus méadú 1.3% ar an líon a corpraíodh sa bhliain 2018. Bhí méadú mór ann ar an líon cláruithe sna cúig bliana seo a chuaigh thart - tháinig an méadú sin roimh achtú Acht na gCuideachtaí, 2014, agus roimh an gcinneadh ón Ríocht Aontaithe imeacht ón Aontas Eorpach. Fágann sé sin go mbíonn 1,894 chuideachta nua á gclárú gach mí ar an meán. Maidir leis sin, is airde an líon clárúchán cuideachtaí nua anois ná am ar bith.

Ghabh an CRO uirthi féin na spriocanna seirbhíse custaiméirí seo a leanas a chomhlíonadh le haghaidh clárú cuideachtaí nua faoi na scéimeanna iomchuí:

- An Scéim Fé Phráinn - 10 lá oibre
- An Scéim um Fhoirmeacha A1 ar Líne - 5 lá oibre
- An Ghnáthscéim - 15 lá oibre

Beag beann ar na méaduithe sin, leanann an CRO ar aghaidh lena spriocanna seirbhíse custaiméirí a chomhlíonadh laistigh dá hacmhainní reatha.

	Cuideachta ar an gClár	Cuideachtaí Nua
1949	5,486	433
1959	9,005	630
1969	19,308	2,559
1979	55,097	6,545
1989	106,021	14,541
1999	158,368	18,584
2009	181,233	13,321
2019	232,949	22,723



#### Cuideachtaí Seachtracha agus Comhpháirtíochtaí Teoranta

Mhéadaigh an lín cuideachtaí seachtracha atá ar an gClár faoi níos lú ná 11% sa bhliain 2019 go 2,926.

### Cuideachtaí seachtrach mar áit chlárúcháin:

An Ríonn Aontaithe	1,622
Oileán Cayman	312
Na Stáit Aontaithe	191
Beirmiuda	141
An Ísiltír Lucsamburg	91
An Ghearmáin	81
Lucsamburg	57
Áiteanna Eile: An Fhrainc - 36, An Eilvéis 31, An Spáinn - 24, An India - 22, An Astráil - 20.	

### Doiciméid iarchorpraithe chuideachta a chlárú

Ní mór do chuideachta fógra a thabhairt don CRO ar an bhfoirm reachtíul iomchuí faoi aon athruithe ar oifig chláraithe na cuideachta nó faoi aon athruithe ar oifigigh na cuideachta nó ar shonraí na n-ofigeach sin. Ní mór an fhoirm a bheith comhlánaithe i gceart agus síntíte ag ofigeach reatha de chuid na cuideachta de réir thaifid an CRO agus i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

Tháinig méadú ar an lín comhduiuthe de réir mar a mhéadaigh méid an chláir freisin. Ba sa bhliain 2019 a comhdaíodh an lín is mó riamh d'fhoirmeacha B2 (athrú in oifig chláraithe) agus d'fhoirmeacha B10 (athrú i bhfaisnéis stiúrthóra/rúnaí). Fuarhas 18,386 cinn d'fhoirmeacha B2 agus 77,471 gcinn d'fhoirmeacha B10 lena linn.

### Tuairisceán Bhliantúla

Tá oibleagáid ar chuideachta – is cuma cé acu atá sí ag trádáil nó nach bhfuil – tuairisceán bliantúil a sheoladh chuig an CRO gach bliain. Áirítear le tuairisceán bliantúil sonraí faoi stiúrthóirí agus faoi rúnaí na cuideachta agus faoina hoifig chláraithe, faoina scairshealbhóirí agus faoina scairchaipítéal. Ní mór an tuairisceán a bheith síntíte ag stiúrthóir agus ag rúnaí na cuideachta. Má tharlaíonn sé go bhfuil an rúnaí ina stiúrthóir freisin, ní ceadmhach dó/di an tuairisceán a shíniú sa dá cháil sin. I bhformhór na gcásanna, is gá ráitis airgeadais na cuideachta a chur ag gabháil le tuairisceán bliantúil na cuideachta.

Is é feidhm na rannóige um thaisceadh poist sa CRO ná gach doiciméad a fhaightear tríd an bpost a fháil agus a scanadh agus iad a chur ar fáil don phobal i gcoitinne a luaithe is féidir. Ardtosaíocht don oifig is ea an tseirbhís custaiméirí, agus déantar an-iarracht chun a chinntíú go ndéileáiltear le ceisteanna thar an teileafón ar bhealach éifeachtúil tráthúil.

Fuair an CRO níos mó ná 228,680 tuairisceán bliantúil sa bhliain 2019.

### Athchláruithe

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, is féidir le cuideachta athrú ó chineál cuideachta ar bith ina cineál cuideachta eile e.g. ó chuideachta theoranta ina cuideachta neamhtheoranta, ó chuideachta phríobháideach ina cuideachta phoiblí nó ó chuideachta faoi theorainn scaireanna ina cuideachta faoi theorainn ráthaíochta nó a mhalaire, faoi réir cheanglais Chuid 20 den Acht.

D'athchláraigh 400 chuideachta san iomlán sa bhliain 2019.

### Athchláruithe chuithe cineálacha difriúla sa bhliain 2019

Athchláruithe: Cuideachta faoi Theorainn Ratháíochta (CTR)	21
Athchláruithe: Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe faoi theorainn Scaireanna (CGA)	32
Athchláruithe: Cuideachta Phríobháideach faoi theorainn scaireanna (TEO)	204
Athchláruithe: Cuideachta Phoiblí Theoranta (CPT)	3
Athchláruithe: Cuideachta Phríobháideach Neamhtheoranta (CNT)	136
Athchláruithe: Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta (CPN)	4

### Morgáistí agus Muirir

B'ionann an lín muirear a comhdaíodh sa bhliain 2019 agus 12,406. Tá clárú muirear ag méadú go seasta le blianta beaga anuas. Is ionann an lín a comhdaíodh sa bhliain 2019 agus méadú 100% ar an lín a comhdaíodh sa bhliain 2011.

Tá an lín muirear atá á gclárú cothrom anois leis an lín muirear a bhí á gclárú roimh an mbliain 2008.

Bliain	Foirm C1	Foirm C1B*	Iomlán
2010	5,921		5,921
2011	6,150		6,150
2012	6,964		6,964
2013	7,207		7,207
2014	9,516		9,516
2015	9,527	929	10,456
2016	9,409	1,311	10,720
2017	10,769	1,180	11,949
2018	11,206	1,152	12,358
2019	11,243	1,163	12,406

\*Tugadh foirm C1b isteach mar mhodh malartach chun muirear a chlárú trí bhíthin Chuid 8 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, an 1 Meitheamh 2015.

## **Leachtuithe agus ceapadh glacadóirí**

Tá laghdú leanúnach ar líon na gcuideachtaí inar ceapadh glacadóirí thar shócmhainní na cuideachta. Tháinig laghdú ó 344 i 2017, 167 i 2018 go 114 cuideachtaí i 2019. Coinníodh clár na stiúrthóirí dícháilithe agus srianta cothrom le dáta freisin agus leanadh le tuairiscí ar chuideachtaí faoi leachtú a eisiúint chuit Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach ar bhonn rialta.

I mí na Bealtaine 2018, cuireadh túis le clár a bhfuil mar aidhm leis comhlíonadh a mhéadú i measc leachtaitheoirí agus glacadóirí i ndáil leis na tuairisceáin atá dlite uathu faoi Chuid 11 agus faoi Chuid 8 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, faoi seach. Meabhraíodh do chleachtóirí na hoibleagáidí atá orthu faoin Acht. Meabhraíodh dóibh freisin go bhféadfaí caingean dlí a thionscnamh dá mainneodh siad na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Is cion chatagóir 3 é mainneachtain tuairisceáin leachtaitheora a chomhdú. Is cion chatagóir 4 é mainneachtain tuairisceáin ghlacadóra a chomhdú. Féadfar fineáil d'Aicme A a fhorchur i leith chionta chatagóir 3 agus i leith chionta chatagóir 4 araon.

Bliain	Comhaltaí	Creidiúnaithe	Cúirt
2016	1,112	581	61
2017	1,040	653	67
2018	1,269	484	59
2019	1,474	474	62

Ceanglaítear ar leachtaitheoirí foirm E3 (cuntas an leachtaitheora faoina g(h)níomhartha agus a b(h) earta féin) agus foirm E4 (cuntas agus mionnscríbhinn faoi alt 681) a chur isteach. Ceanglaítear ar ghlacadóirí foirm E9 (achomaireacht an ghlacadóra) a chur isteach. Tháinig méadú suntasach ar an líon tuairisceáin a fuarthas ó leachtaitheoirí agus ó ghlacadóirí mar thoradh ar an gclár.

Bliain	Foirm E4 (a.681 ráiteas cuntais agus mionnscríbhinn)	Foirm E3 (Cuntas an leachtaitheora)	Foirm E9 (Achomaireacht an Ghlacadóra)
2016	6,499	2,747	5,148
2017	8,021	3,518	5,113
2018	12,728	5,510	7,280
2019	10,159	4,350	5,950

## **Gléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní**

Is é Banc Ceannais na hÉireann Cláraitheoir na nGléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní. Ceanglaítear ar an Oifig um Chlárú Cuideachtaí faoin reachtaíocht díchlárú a dhéanamh ar chuideachtaí a chláraigh mar ghléasanna Éireannacha um chomhbhainistiú sócmhainní leis an mBanc Ceannais. Eisítear deimhniú díchláraithe na cuideachta agus taifeadtar díchlárú na cuideachta sa Chlár. Foilsítear fógra in Iris na hOifige um Chlárú Cuideachtaí faoi bhaint na cuideachta den Chlár. Díchláraíodh 7 chuideachta dhéag sa bhliain 2019.

### **Forfheidhmiú, ionchúiseamh agus cuideachtaí a bhaint de chlár na gcuideachtaí**

Is féidir cuideachta a díscaoileadh trí leachtú nó trí bhaint den chlár. Ní i gcónaí a bhíonn baint den chlár neamhdheonach. Is féidir le cuideachta a stopann ag trádáil agus nach bhfuil aon chreidiúnaithe amuigh aici a iarraidh ar an gCláraitheoir an chuideachta a bhaint den chlár.

Is féidir cuideachta a athbhunú ar an gclár tar éis bainte den chlár. Sa chás go bhfuil cuideachta bainte den chlár ar feadh tréimhse nach mó ná 12 mí is féidir iarratas ar athbhunú a dhéanamh ag an gcuideachta chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí. Nuair atá an 12 mí thart ní féidir an chuideachta a athbhunú ach trí Athbhunú Ordú Cúirte.

Lean an CRO ar aghaidh sa bláthain 2019 ag forfheidhmiú Acht na gCuideachtaí 2014 in aghaidh cuideachtaí nach raibh ag comhlíonadh na n-oibleagáidí a bhí orthu tuairisceáin bhliantúla a chomhdú. Rinne sí amhlaidh trí bhíthin iad a bhaint den chlár go hainneonach. Chun comhlíonadh a spreagadh, eisímid litreacha meabhrúcháin chuig gach cuideachta i dtaca le dátaí Tuairisceáin Bhliantúil. Faoi dheireadh na bliana 2018, bhí breis agus 95% de chuideachtaí ag coinneáil chomhdú a dTuairisceán Bhliantúil cothrom le dáta.

### **Baint Neamhthoileanach den Chlár**

Baineadh 5,068 gcuideachta go neamhthoileanach den chlár sa bláthain 2019. B'ionann an lín sin agus méadú suntasach (33%) ar an lín a baineadh de sa bláthain 2018. Tá an laghdú seo mar gheall ar an leibhéal ard comhlíonta leis an riachtanas tuairisceáin bhliantúla a chomhdú.

Aon chuideachta a bhfuil moill uirthi tuairisceán a chomhdú, is dóigh go gcuirfear í faoi réir imeachtaí um baint den chlár nó faoi réir ionchúiseamh sa Chúirt Dúiche. Cuireadh 480 chuideachta san iomlán ar ais ar an gclár. Ba laghddú é sin i gcomparáid leis an lín sa bláthain 2018 (17%).

### **Baint Dheonach**

Próiseas reachtúil faoi Acht na gCuideachtaí 2014 is ea baint dheonach. Baineadh 6,025 gcuideachta san iomlán go deonach sa bláthain 2019. Is méadú 9.4% é sin i gcomparáid leis an mbláthain 2018.

### **Ionchúisimh i leith mainneachtain tuairisceáin bhliantúla a chomhdú**

D'ionchúisigh CRO 56 chás sa Chúirt Dúiche mar gheall ar mhainneachtain tuairisceáin bhliantúla don bláthain 2015/18 a chomhdú in am. Cuireadh 28 gcás, Caitheadh cás amháin amach. Bhí na fineálacha idir €250 agus €3,000 i ngach cás ciontaithe. B'ionann na fineálacha iomlána agus €27,35. Cuireadh an gníomh promhaidh i bhfeidhm ar 20 cás. I gcásanna inar cuireadh an tAcht Promhaidh i bhfeidhm d'ordaigh an chúirt go n-íocfaí síntiús carthanachta. Ordaíodh go n-íocfaí € 11,450 san iomlán i leith síntiús carthanachta.

## Cuid 4 - Eintitis eile arna gClárú ag an CRO

### Ainmneacha Gnó

Is é cuspóir an Acharta um Chlárú Ainmneacha Gnó, 1963, ná tréadhearcacht a chur ar fáil do dhaoine atá ag trádáil faoi ainm nach ionann é agus a n-ainm féin. Ní bhíonn eintiteas le pearsanacht ar leithligh cruthaithe mar thoradh ar ainm gnó a chlárú. Tá sé éigeantach má ritheann duine aonair nó comhpháirtíocht (is cuma an bhfuil siad déanta suas de aonáin nó comhlachtaí corporáideacha nó aon chomhcheangal den dá cheann) nó aon chomhlacht corporáideach, gnó faoi ainm a gcuid fíorainmneacha féin amháin. Is é an aidhm atá aige ná aitheantas an duine ná na daoine aonair sin na comhpháirtíochtaí ná na comhlachtaí corporáideacha arbh iad na heintitis dleathacha taobh thiar den ainm gnó, a dhéanamh poiblí.

B'ionann an lín ainmneacha gnó nua ar chláraigh an CRO iad sa bhliain 2019 agus 20,723.

B'ionann é sin agus laghdú 2% i gcomparáid leis an m bliain 2018, nuair a cláraíodh 21,202 n-ainm gnó nua. Ba go leictreonach a comhdaíodh 92.4% de na hiarratais ar ainmneacha gnó nua a rinneadh sa bhliain 2019.

Bliain	Ainm Gnólacha ar an gClár	Ainm Gnólacha Nua
1949	10,632	771
1959	14,865	802
1969	23,043	1,477
1979	40,052	2,266
1989	79,750	5,198
1999	142,248	10,058
2009	356,323	25,764
2019	582,409	20,723

Ba chóir fógra a chur faoi athrú in aon de na mionsonraí ainm gnó cláraithe (mar shampla athrú ainm gnó ná seoladh gnó) a chur in iúl don Chláraitheoir laistigh de mhí amháin ó dháta na hathraithe.

Cláraithe cineál an athraithe ar na sonraí 2,086 agus stopadh gnó faoi ainm gnó sa bhliain 2019 - 2,777.

### Comhpháirtíocht Teoranta

Éascaíonn Acht Comhpháirtíochta Teoranta 1907 comhpháirtíocht a chruthú ina bhfuil dliteanas teoranta ag cuid de na baill ar fhiacha an ghnóthais. Tá a ndliteanas teoranta go méid an chaipil a thugann siad don chomhpháirtíocht. Mar atá le comhpháirtíocht ghinearálta ní eintiteas dlithiúil ar leithligh comhpháirtíocht teoranta. Cláraíodh 305 Chomhpháirtíocht Theoranta sa bhliain 2019. Cé gur laghdú é sin ar an lín a cláraíodh sa bhliain 2017 (676 cinn), bhí an figiúr thar a bheith ard go fóill i gcomparáid leis an treoicht fhadtéarmach.

Bliain	Comhpháirtíocht Teoranta - Clár	Comhpháirtíocht Teoranta Nua
1999	366	23
2009	828	29
2019	2,926	305

## Cuid 5 - An Fheidhm chorparáideach sa CRO

### Caiteachas 2019

Ba é an caiteachas 2019 don Oifig um Chlárú Cuideachtaí ná €7.

	2017	2018	2019
Pá	4.7m	4.6m	4.8m
Neamh-Pá	2.4m	2.5m	2.2m
Iomlán	7.1m	7.1m	7.0m

Fuair CRO €20.1 milliún sa bhliain 2019. Is ionann é sin agus méadú 4.3% ar an €19.27m a fuarthas sa bhliain 2018. Bhí laghdú ann arís eile ar luach na dtáillí comhdaithe dhéanaigh a focadh. D'íoc 11,059 chuideachta táillí comhdaithe dhéanaigh le CRO i leith an tuairisceáin bhliantúil uathu. Ba é €570 an mheántáille comhdaithe dhéanaigh a d'íoc gach ceann de na cuideachtaí sin.

Ioncam CRO	2017	2018	2019
Pionós um chomhdú déanach	8.234m	7.2m	6.5m
Táillí taiscthe	7.7m	7m	7.2m
Táillí um Chlárlann na gCara-Chumann	0.043m	0.04m	0.044m
Ilghnéitheach (Fiosrúcháin, Díol Ollsonraí, Nótáí Creidmheasa, iarmhéideanna Cuntais Custaiméara)	1.5m	5.03m	6.4m
<b>IOMLÁN:</b>	<b>17.48m</b>	<b>19.27m</b>	<b>20.1m</b>

Tá an Oifig um Chlárú Cuideachtaí tiomanta níos mó focaíochtaí trí mhodhanna leictreonacha seachas na modhanna traidisiúnta airgead tirim agus focaíochtaí le seiceanna a éascú agus a chur i bhfeidhm

Ón Meitheamh 2017 i leith, tá feidhm ag ríomhchomhdú éigeantach an tuairisceáin bhliantúil (Foirm B1) agus na ráiteas airgeadais tionlacain. Ní mór táillí comhdúcháin agus aon phionós i leith comhdú déanach a íoc le cártá creidmheasa/dochair nó trí chuntas custaiméara.

Laghdaigh an lón seiceanna a fuair CRO ó 66,116 seic sa bhliain 2017 (arbh ionann a luach agus €8.6m) chuig 18,495 sheic sa bhliain 2018 (arbh ionann a luach agus €2.3m) chuig 10,992 i 2019 (arbh ionann a luach agus €512k). Tá athbhreithniú á dhéanamh ag CRO ar mhodhanna malartacha focaíochta do chustaiméirí ar gnách leo íoc trí sheic.

Bláin	Idirbhearta - Seiceanna	Idirbhearta cárta creidmheasa	Idirbhearta cuntas custaiméara
2015	108,462	97,769	91,915
2016	106,779	110,673	237,974
2017	66,116	141,896	281,736
2018	18,495	165,120	338,881
2019	10,992	173,602	349,869

Is féidir Cuntas Custaiméara a bhreisiú le Cártá Creidmheasa nó le Riomhaistriú Airgid ar choinníoll go luan tear uimhir an Chuntais Chustaiméara mar thagairt ar an Riomhaistriú Airgid agus go seoltar ríomhphost chugainn á rá go ndearnadh an t-aistriú sin.

### Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2019

Tá oifig phoiblí na CRO ag Teach Bloom, Plás Gloucester Íochtarach, BÁC 1. Tá an CRO ionnaithe i dTeach Bloom, Baile Átha Cliath, agus ar Bhóthar Uí Bhriain, Ceatharlach. Tá an CRO an úsáideoir beaga fuinnimh i dTeach Bloom agus comhroinneann sé an foirgneamh, mar aon le ceaintín, sheomra cruinnithe, leithris agus an forhalla, le Cláraitheoir na gCara-Chumann agus leis an Coimisiún um lomaíocht agus Cosaont Tomhaltóirí. Is é CRO Cheatharlach a bhaineann an úsáid is lú as an bhfuinneamh ar Bhóthar Uí Bhriain (45%) agus tá an foirgneamh, mar aon le ceaintín, leithris agus an forhalla, comhroinnt idir é féin agus an Coimisiún Caidrimh san Áit Oibre.

Is é B3 an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh atá ag Teach Bloom. Uimh. RFF: 800191413. Táscaire Feidhmíochta Fuinnimh: 77.12 kg CO<sub>2</sub> /m<sup>2</sup> /bláin 1. Is é D1 an Rátáil Fuinnimh Foirgnimh atá ag Ceatharlach.

### Gníomhartha ar tugadh fúthu in 2018

- Seoladh ríomhphoist a bhaineann le Caomhnú Fuinnimh chuig an bhfoireann chun a mheabhrú döibh ar fad monatóirí ríomhaire, printéiri srl a mhúchadh gach tráthnóna (sa dá láthair).
- ‘Laethanta gan Ardaitheoirí’ gach mí (Teach Bloom).
- Iniúchtaí fuinnimh Lasmuigh d’Uaireanta Oifige (Teach Bloom).
- Rinneadh monatóireacht leanúnach ar uaireanta oibriochta an Aonaid Láimhseála Aer (Teach Bloom).
- Rinneadh na huaineadóirí teasa a athshocrú go rialta ag teacht leis an aimsir (sa dá láthair).

## Cuid 6 - Ag Teacht in 2020

### Athfhorbairt acmhainní TF

Tá CRO ag tabhairt faoi thionscadal a bhfuil mar aidhm leis athfhorbairt a dhéanamh ar na bunachair shonraí de chuid CRO ina gcuimsítear clár na gcuideachtaí agus clár na n-ainmneacha gnó.

Teastaíonn athnuachan iomlán chun an córas a athrú chun dáta. Táthar ag súil go gcríochnófar an tionscadal faoi Ráithe 4 den bhliain 2020. Forbrófar feabhsuithe eile sa bhliain 2020 in éineacht leis an obair a dhéanfar chun bunachair shonraí CRO a athfhorbairt.

### Breatimeacht

Amhail an 31 Eanáir 2020 tá an RA imithe ón Aontas Eorpach ach beidh forálacha idirchréimhseacha i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2020. Le linn na tréimhse sin beidh caidreamh trádála na RA leis an AE mar an gcéanna.

Leanfaidh an RA le rialacha AE a chomhlíonadh freisin. Le linn na hidirchréimhse fanfaidh an RA faoi dhlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus fanfaidh sí laistigh den mhargadh aonair agus den aontas custam. Beidh rialachán AE uile fós infheidhme maidir leis an RA, lena n-áirítear athruithe a dhéantar ar na rialacháin sin le linn na tréimhse sin.

Ina dhiaidh sin, áfach, mura bhfuil aon chomhaontú i bhfeidhm, éileofar ar stiúrthóirí atá ina gcónaí sa RA alt 137 d'Acht na gCuideachtaí 2014 a chomhlíonadh.

I gcás nach mbeidh beart ar bith comhaontaithe idir an Ríocht Aontaithe agus AE, fágfaidh an Ríocht Aontaithe láithreach agus i gcás nach bhfuil ag cuideachta ach stiúrthóirí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hathrú.

Ag fágáil LEE don Ríocht Aontaithe (an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch), theastódh banna ina áit sin.

I gcás nach bhfuil ag cuideachta ach stiúrthóirí atá bunaithe sa Ríocht Aontaithe d'fhéadfadh sé o mbeadh gá le hathrú. I ndíl na hÉireann, ní mó do gach cuideachta stiúrthóirí atá ina chónaí in LEE a bheith acu faoi alt 137 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá eisceachtaí ceadaithe. Ag fágáil LEE don Ríocht Aontaithe (an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch), theastódh banna ina áit sin. Theastódh sé sin ón dáta a fhágfaidh an Ríocht Aontaithe na comhaontuithe ar deireadh (LEE/AE). Tá rogha eile ann maidir le banna a fháil – is é sin ráiteas ó na Coimisinéirí loncaim faoi alt 140 d'Acht na gCuideachtaí 2014 (foirm B67) a chomhdú.

Ní chaithfidh cuideachtaí seachtracha atá corporaithe sa Ríocht Aontaithe clárú leis an CRO arís.

Nuair a fhágfaidh an Ríocht Aontaithe LEE, beidh cuideachtaí seachtracha na Ríochta Aontaithe faoi réir na gceanglas na tuairisceáin bhliantúla a chomhdú a bhaineann le reachtaíocht thír neamh-LEE.

Tá feidhm ag ailt 1305/1306 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir leis an tuairisceáin bhliantúla. Tá feidhm ag Alt 1304 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le hathruithe ar bith ar fhaisnéis na cuideachtaí a chur isteach.

# AGUISÍN 1

## MIONSTAIDREAMH

Comhdhéanamh an Chláir agus Gníomhaíocht ar an gClár

Comhdhéanamh an Chláir ag Deireadh 2019

	2018	%	2019	%
Príobháideach Teoranta	200,818	88.90	210,563	89.25
Poiblí Teoranta	1,166	0.52	1,045	0.44
Neamhtheoranta	4,806	2.12	4,682	1.98
Ráth	16,195	7.16	16,635	7.05
Seachtrach	2,885	1.28	2,965	1.25
EEIG	28	-	24	-
Iomlán	225,898		235,914	

Nóta: níl cuideachtaí atá á leachtú san áireamh sa tábla seo.

	2018	2019
<i>Príobháideach Teoranta</i>		
TEO - Cuideachta Phríobháideach faoi theorainn scaireanna	196,179	205,494
CGA - Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe faoi theorainn scaireanna	4,639	5,069
<i>Poiblí Teoranta</i>		
CPT - Cuideachta Phoiblí Theoranta	528	454
Societas Europaea	9	12
GCUI - Gnóthais le haghaidh Comhinfheistíochta in Urrúis Inaistrithe	182	167
Cuideachta Poiblí Teoranta a bhfuil caipiteal athraitheach acu	435	398
Cuideachta Poiblí Teoranta (ciste iata)	2	2
Cuideachta Infheistíochta	10	12
<i>Neamhtheoranta</i>		
CNT - Cuideachta Phríobháideach Neamhtheoranta	4,768	4,644
CPN - Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta	26	30
CPNT - Cuideachta Phoiblí Neamhtheoranta nach bhfuil scairchaipiteal aici	12	8
<i>Ráth</i>		
CTR - Cuideachta faoi Theorainn Rátháiochta	16,100	16,535
CGA - Cuideachta Ghníomhaíochta Ainmnithe faoi theorainn rátháiochta	95	100


## Gníomhaíocht ar Chlár na gCuideachtaí in 2019

	2018	2019	% +/-
Lín ionmlán na gCuideachtaí Nua Cláraithe	22,428	22,723	+1.32
as seo bhí			
Príobháideach Teoranta	21,484	21,730	+1.15
Poiblí Teoranta	27	16	-41.00
Neamhtheoranta	211	162	-23.22
Ráth	703	804	+14.37
Athshlánaithe			
Ag cuideachtaí laistigh de bhliain ó bheith bainte den chlár	459	377	
Ag an Ard-Chúirt nó an Chúirt Chuarda	120	103	
Cuideachtaí a Díscaoileadh	15,138	13,402	
Athrú Glan	+7,859	+9,801	

Lín ionmlán na gcuideachtaí nua ionchorpraithe in 2019: 22,723

Lín ionmlán na gcuideachtaí a díscaoileadh le linn 2019: 13,402

Lín fomlán na gcuideachtaí a athshlánaíodh chuig an gclár in 2019: 480



	Cuideachtaí Nua atá corporaithe	Cuideachtaí arna ndíscaoileadh
1970-1979	42,489	4,992
1980-1989	80,248	27,138
1990-1999	164,227	106,122
2000-2009	159,761	143,653
2010-2019	187,696	135,036

### Cuideachtaí a Athshlánaíodh chuig an gClár

Déanann Caibidil 2 Chuid 12 d'Acht na gCuideachtaí 2014 foráil d'athshlánú cuideachta díscaoilte chuig Clár na gcuideachtaí. Féadann cuideachta a bheith athshlánaithe chuig an gClár trí iarratas a dhéanamh go dtí :

- An Ardhúirt sula mbeidh fiche bliain téaltaithe ón dáta díscaoilte
- An Chúirt Chuarda sula mbeidh fiche bliain téaltaithe ón dáta díscaoilte, sa chás gur creidiúnaí an t-iarratasóir
- Cláraitheoir na gCuideachtaí sula mbeidh dhá mhí dhéag téaltaithe ón dáta díscaoilte, sa chás go ndéanann an chuideachta an t-iarratas, nó go ndéantar ar a son é.

Bliain	Cuideachtaí a Athshlánaíodh chuig an gClár	Cuideachtaí ar an gClár	%
2015	559	201,901	0.27
2016	516	207,677	0.24
2017	557	217,770	0.26
2018	579	225,898	0.26
2019	480	235,914	0.20


### Athruithe ar ainm cuideachta

Le linn 2019, ceadaíodh 2,126 athrú ar ainmneacha cuideachtaí. Áirítear ar an bhfigiúr sin cuideachtaí a éilíodh orthu a n-ainmneacha a athrú faoi Alt 30(3) d'Acht na gCuideachtaí 2014. In 2018, bhí 2,214 athrú ar ainmneacha cuideachtaí agus bhí 2,422 in 2017.

## Clár Seachtrach

Cuideachtaí ar an gclár seachtrach an 31 Nollaig 2019:

	2017	2018	2019
Brainsí (LEE)	1,886	1,968	2,051
Brainsí (Neamh-LEE)	864	917	914
lomlán ar an gclár seachtrach	2,750	2,885	2,965



## Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistiú Sócmhainní

Ceadaítear le hAcht Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistíocht Sócmhainní 2015 ceadú do chuideachtaí a bheith díchláraithe tar éis coinbhéartú go dtí Gléas Éireannach um Chomhbhainistíocht Sócmhainne. Faightear orduithe cláraithe do Ghléasanna Éireannacha um Chomhbhainistíocht Socmhainní ón mBanc Lárnach. Díchláraíodh 7 cuideachtaí tar éis coinbhéartú go stádas Gléas Éireannach um Chomhbhainistíocht Sócmhainne.

2015	12
2016	16
2017	10
2018	8
2019	7

## Societas Europaea

D'fhág dhá chomharchumann Eorpacha (Societas Europaeas) an Stát sa bhliain 2018. D'aistrigh dhá chomharchumann Eorpacha a n-oifig chláraithe chuig an Stát le linn na bliana freisin. Cruthaíodh comharchumann Eorpach eile le cuideachta ón Spáinn. Tá 12 gcomharchumann Eorpacha ann sa Stát faoi láthair.

Bliain	Isteach	Amach
2015	0	1
2016	0	0
2017	1	0
2018	3	2
2019	2	1

## GRÚPÁLACHA EORPACHA UM LEAS EACNAMAÍOCH

Cláraíodh 11 Grúpálacha Eorpacha um Leas Eacnamaíoch (GELE) nua in 2018 faoi European Communities (European Economic Interest Groupings) Regulations 1989. Lean 8 díobh sin seoladh oifigiúil an ghrúpála a aistriú ón Ríocht Aontaithe. Tá 24 EEIGs cláraithe. Baineadh 15 EEIG (Grúpáil Eorpach um Leas Eacnamaíoch) ón gClár faoi Rialachán 22 agus faoi alt 733 d'Acht na gCuideachtaí 2014 mar gheall ar neamhghnómhaíocht/teip ar chomhdú.

Na GELE nua:

- 800028 ELIGOR RE MANAGEMENT EEIG
- 800029 BRISTOL-MYERS SQUIBB/PFIZER EEIG
- 800030 BRISTOL-MYERS SQUIBB PHARMA EEIG
- 800031 PENTA-C-EEIG
- 800032 ERCOLINO GROUP EEIG
- 800033 ICF CAPITAL EEIG
- 800034 ALMADA DEVELOPMENT ESTATE EEIG
- 800035 STARWOOD CAPITAL RE EEIG
- 800036 INDUSTRIAL PLANTS AND ESTATE DEVELOPMENT EEIG
- 800037 CLEVER BE EEIG
- 800038 MIKAIL EEIG

## Cead Iarmhír a Fhágáil ar Lár ó Ainm Cuideachta

I 2019 tugadh cead do 106 comhlachais/cuideachtaí (Cuideachtaí faoi Theorainn Ráthaíochta) iarmhír a fhágáil ar lár óna gcuid ainmneacha. Le hAcht na gCuideachtaí (Cuntasaíocht), 2017, aisghaireadh alt 1237(5) d'Acht na gCuideachtaí 2014, rud a fhágann nach bhféadfaidh cuideachtaí neamhtheoranta iarratas a dhéanamh ar dhíolúine a thuilleadh.

## Cumaisc Intíre

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014 cuireadh ar cumas cuideachtaí Éireannacha cumasc le chéile faoi fhorálacha de Chuid 9 agus Cuid 17.

Bliain	Cumaisc	Cuideachtaí díscaoilte	Cuid d'Acht
2015	4	22	Cuid 9
2016	28	44	Cuid 9
2017	89	114	Cuid 9
2018	107	162	Cuid 9
2019	157	163	Cuid 9

## Cumasc Trasteorann

Críochnaíodh sealbhú 8 cuideachta ag úsáid reachtaíocht Cumasc Tras-Teorainn i 2019 fad is gur comhghabháladh 12 eile (scriosadh ón gClár iad). Rinneadh pleanáil do 4 shealbhú agus 6 chomhghabháil eile i 2019 ach níl sé sin críochnaithe go dáta. Tá 70 cuideachtaí sealbhaithe faoin reachtaíocht go dáta. Tá 119 comhghábháileacha críochnaithe go dáta.

Bliain	Trí éadáil	Trí ionsú
2015	8	6
2016	6	9
2017	7	10
2018	8	13
2019	8	12

## Imircí Chiste Infheistíochta

Ní raibh aon chuideachta dá leithéid cláraithe sa Stát trí bhealach leanúna mar gheall ar dhíchomhchruiinniú i 2019. Cuid 24 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

## Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin in 2019

An próiséas um Baint den Liosta

Cuideachtaí a díscaoileadh (bainte den liosta mar níor chomhadaigh siad tuairisceáin)	5,068
Cuideachtaí a díscaoileadh faoi Alt 882 de na hAchtanna Comhdhlúite Airgeadais (Bainte den liosta ag na Coimisinéirí loncaim)	0
Cuideachtaí a díscaoileadh (bainte den liosta go toilteanach)	6,025

### Ionchúisimh Chuideachtaí

Lón na gCuideachtaí a ionchúisíodh	56
Lón na gCuideachtaí a ciontaíodh	28
Méid iomlán ma bhfíneálacha a gearradh	€27,350
Meánfhíneáil a gearradh	€977
Cásanna ina raibh feidhm ag an Acht Promhaidh	20
Cásanna ina raibh feidhm ag an Acht Promhaidh - an méid a chuir na Cúirteanna i bhfeidhm	€11,450

### Sócmhainneacht


#### Scrúdaitheoiracht:

Chuaigh 21 cuideachtaí faoi scrúdaitheoiracht i 2019. Faoi dheireadh na bliana bhí 17 ar ais go stádas normalach agus bhí 1 cheann amháin scaolté chun leachtaithe. Tá trí cuideachta áta faoi scrúdaitheoiracht faoi dheireadh na bliana.

	2017	2018	2019
Iarratas chuig an gcúirt ar cheapadh scrúdaitheora :	26	38	27
Ordú cúirte ag ceapadh scrúdaitheora :	21	31	21
Ordú cúirte ag ceapadh scrúdaitheora eatramacha :	21	27	14
Ordú cúirte ag deimhniú scéim na socruithe :	6	11	3
Ordú cúirte ag leasú scéim na socruithe :	0	1	2
Ordú cúirte ag cur deireadh le cosaint na cúirte :	0	3	1
Scrúdaitheoirachtaí i bhfeidhm ag deireadh na bliana:	8	1	3

## Glacadóireachtaí:

	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Cuideachtaí inar ceapadh glacadóir thar mhaoin na cuideachta: deireadh na bliana	2,498	2,600	2,614	2,509	<b>2,387</b>	<b>2,188</b>
Cuideachtaí inar ceapadh glacadóir thar mhaoin na cuideachta le linn na bliana	462	327	340	344	<b>167</b>	<b>112</b>




## Leachtúcháin de réir Cineáil Fógartha don CRO

	2014	2015	2016	2017	2018	2019
Baill go Toilteanach	1,001	1,034	1,112	1,040	1,269	<b>1,474</b>
Creidiúnaithe go Toilteanach	929	746	581	653	484	<b>474</b>
Leachtúcháin Chúirte	78	70	61	67	59	<b>62</b>
Iomlán	2,008	1,850	1,754	1,760	1,812	<b>2,010</b>

## Cuideachtaí á leachtú

Bliain	Lón á leachtú
2014	8,176
2015	7,985
2016	7,913
2017	8,046
2018	8,189
2019	8,481



## Fógraí a léiríonn nár coinníodh leabhair chearta

De réir fhorálacha Alt 392 d'Acht na gCuideachtaí 2014, fuair an Cláraitheoir fógraí maidir leis na cuideachtaí seo a leanas i rith na bliana 2019:

### UIMHIR NA CUIDEACHTA

- 17081 CUMANN PEILE NA H-EIREANN "FOOTBALL ASSOCIATION OF IRELAND"
- 74816 SPRAYCHEM LIMITED
- 329175 DATALEX PUBLIC LIMITED COMPANY
- 536179 CONNEMARA LAKE HOTEL LIMITED
- 564652 SYNCPLICITY INTERNATIONAL LIMITED

### AINM NA CUIDEACHTA

## CLÁRÚ RÉAMHEOLAIRÍ

Tugadh éifeacht do Threoir 2003/71/CE maidir le Réamheolaire le IR 324/2005. Le hlonstraim Reachtúil 380 de 2019 - Rialacháin (Réamheolaire) 2019 an Aontais Eorpaigh, éiltear go ndéantar an réamheolaire a chomhdú leis an mBanc Ceannais agus ón 21 Iúil 2019 ní raibh sé riachtanach doiciméad réamheolaire a thaisceadh leis an CRO. Cuirtear tairiscintí áitiúla arna sainiú mar sin trí bhíthin iad a bheith níos lú ná €5,000,000, bíodh siad le haghaidh cuideachtaí Éireannacha nó cuideachtaí cláraithe thar lear nó ná bíodh, faoi bhráid an CRO le haghaidh cláraithe faoi alt 1361(4) d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Sheol 73 cuideachta atá cláraithe sa stát réamheolairí isteach le linn na bliana. Chláraigh na cuideachtaí seo a leanas réamheolairí:

- 594283 AIB GROUP PUBLIC LIMITED COMPANY
- 410510 ALFA BOND ISSUANCE PUBLIC LIMITED COMPANY
- 425998 AMETHYST STRUCTURED FINANCE PUBLIC LIMITED COMPANY
- 638962 AMUNDI PHYSICAL METALS PUBLIC LIMITED COMPANY
- 435310 ARCADE FINANCE PUBLIC LIMITED COMPANY
- 535011 ARGENTUM SECURITIES IRELAND PUBLIC LIMITED COMPANY
- 605099 ATLAS COPCO FINANCE DESIGNATED ACTIVITY COMPANY
- 630682 BAIONA GLOBAL FINANCE DESIGNATED ACTIVITY COMPANY
- 593672 BANK OF IRELAND GROUP PUBLIC LIMITED COMPANY
- 426056 BEECHWOOD STRUCTURED FINANCE PUBLIC LIMITED COMPANY
- 425985 BROOKFIELDS CAPITAL PUBLIC LIMITED COMPANY
- 425241 CBOM FINANCE PUBLIC LIMITED COMPANY
- 635465 CITIZEN IRISH AUTO RECEIVABLES TRUST 2018 DESIGNATED ACTIVITY COMPANY
- 642839 DIOSK RMBS NO.3 DESIGNATED ACTIVITY COMPANY
- 327009 EIRLES TWO DESIGNATED ACTIVITY COMPANY
